

☘ An Lúibín ☘

30 Meitheamh 2014

Gaeltachtaí neamhthraidisiúnta

I Mí Feabhra i mbliana chuaigh 10,000 duine amach i mBaile Átha Cliath ag déanamh léirsiú, ócáid a chuir Conradh na Gaeilge ar bun nuair a d'fhógair an Comisinéir Teanga, Seán Ó Cuirreáin, go raibh sé ag éirí as a phost mar agóid faoina laghad sin seirbhísí a bheith ar fáil trí Ghaeilge. Ba é seo Lá Mór na Gaeilge, agus ba cuid suntais an líon mór daoine óga a bhí ann.

Thug an léirsiú seo léargas beo ar a bhfuil de Ghaeilgeoirí ann, nó ar an gcuid is gníomhaí acu, ar aon chuma. Cuimhnimis arís ar na figiúirí i ndaonáireamh 2011: 55,564 duine ag labhairt Gaeilge gach lá, 103,132 duine á labhairt gach seachtain. Dúirt 66,238 duine sa Ghaeltacht go raibh Gaeilge acu, rud a fhágann go bhfuil an fuíoll ina gcónaí i limistéir uirbeacha. Ní mór an t-iontas é go raibh Gaeilge ag 7,123 duine as 14,572 i nGaillimh.¹

I suirbhé a rinneadh sa bhliain 2007, dúirt 7.8% go raibh a gcuid Gaeilge líofa nó an-líofa: sin timpeall 357,000 duine. Is féidir greim a choinneáil ar theanga fiú mura mbeadh deis agat í a labhairt ach anois agus arís. Is cosúil, i bhfianaise na bhfigiúirí uile, go mbeadh Gaeilge réasúnta maith ag 300,000 duine ar a laghad agus go bhfuil a bhformhór le fáil i mBaile Átha Cliath nó in aice leis.

Tá trácht anois ar Gaeltachtaí neamhthraidisiúnta, ceantair uirbeacha agus eile a mbeadh an teanga á húsáid go forleathan ann. Áitíonn an taighdeoir Brian Ó Broin nach mór dá leithéidí a bheith mór agus buan agus méadú ag teacht iontu ar an líon daoine a bhfuil Gaeilge ó dhúchas acu.² Tá an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta sásta aitheantas a thabhairt do Ghaeltachtaí nua den saghas más léir go bhfuil na cainteoirí ann.

Deir an cháipéis uailmhianach úd *An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* go dtabharfar spreagadh agus tacaíocht do phobal na Gaeilge an Ghaeilge a úsáid mar theanga theaghlaigh lasmuigh den Ghaeltacht. Deir sí freisin go cuirfear 'réimse leathan seirbhísí' ar fáil trí Ghaeilge, rud nár tharla fós, ar ndóigh. Luaitear 'Gaeltacht ghréasáin' agus na háiseanna is cóir a sholáthar:

I bpobail uirbeacha, a bhfuil mais chriticiúil bhunúsach tacaíochta pobail agus Stáit iontu don Ghaeilge, nithe mar shaoráidí cúram leanaí trí Ghaeilge, gaelscoileanna, oideachas dara leibhéal trí Ghaeilge, clubanna óige Gaeilge agus seirbhísí eile lena n-áirítear grúpaí máithreacha agus mamailíneach, seirbhísí creidimh i nGaeilge, a bheidh siad sin.³

Ní sa Phoblacht, áfach, ach i dTuaisceart Éireann a tháinig an chéad Ghaeltacht uirbeach ar an bhfód agus sin gan chabhair ar bith ón stát. Orthu siúd a raibh lámh acu sa ghnó bhí Aodán Mac Póilin:

The challenge facing the community was to create a pattern of language use among the children in which it was natural for them to use Irish among themselves and with other Irish speakers while at the same time preparing them for a largely English-speaking world. To our surprise, this actually worked.⁴

¹ Féach <http://www.cso.ie/en/media/csoie/census/documents/census2011pdr/Pdf%208%20Tables.pdf>.

² Ó Broin, Brian, 'Establishing Criteria for Recognizing New Irish-Speaking Communities in the Light of 2012 Gaeltacht Legislation,' North American Association of Celtic Language Teachers 2013. http://www.academia.edu/3630752/Establishing_Criteria_for_Recognizing_new_Irish-Speaking_Communities_in_light_of_2012_Gaeltacht_Legislation

³ *An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030*, lch 24: <http://www.ahg.gov.ie/ie/Straiteis20BliaindonGhaeilge2010-2030/Foilseachain/Straiteis%20A9is%2020%20Bliain%20-%20Leagan%20Gaeilge.pdf>

⁴ Aodán Mac Póilin, 'The Universe of the Gaeltacht' in Wyndham, Andrew Higgins (eag). *Re-imagining Ireland*.

Is é an ceantar atá i gceist an ‘Cheathrú Ghaeltachta’ i mBéal Feirste Thiar. Tá gaelscoileanna agus gaelcholáistí ann, naíonraí agus náiscoilleana. Is ann atá Cultúrlann McAdam Ó Fiaich, áit a bhfaighfeá a lán fiontraithe i mbun oibre. Is féidir béile a fháil trí Ghaeilge sa cheantar agus tá Raidió Fáilte (www.raidiofailte.com) ann. Tá Béarla á labhairt sa cheantar freisin, ach tá an Ghaeilge in ann an fód a sheasamh. Aithnítear go hoifigiúil go deiseanna tráchtála ag baint leis an teanga anseo.

Sa Tuaisceart freisin atá ceantar próta-Ghaeltachta eile, áit atá timpeall Shleacht Néill agus Charn Tóchair, in aice le Machaire Rátha i gContae Dhoire. Bunaíodh náiscoil ann sa bhliain 1993 agus gaelscoil sa bhliain 1994, agus sa bhliain 2008 cuireadh tionscadal athbheochana ar bun a raibh an scolaíocht lán-Ghaeilge mar bhunús leis.

Ní raibh an rath céanna ar na hiarrachtaí a tugadh sa Phoblacht ar Ghaeltacht neamhthraidisiúnta a bhunú (i mBaile Munna, mar shampla). Sa Tuaisceart tháinig an athbheochan den náisiúnachas cultúrtha a bhain leis na Trioblóidí. Tá gréasáin láidre sa Phoblacht, áfach, agus áitítear gur gearr go mbeidh ‘mais chriticiúil’ ann. Is cinnte go bhfuil líon na gcainteoirí dúchais uirbeacha ag méadú agus go bhfuil an ghaelscolaíocht ag dul ó neart go neart.

Más mar sin atá an scéal in Éirinn, is fiú súil a thabhairt ar an scéal thar lear. Is díol spéise í Gaeltacht Bhuan Mheiriceá Thuaidh (www.gaeilge.ca) in Erinsville, Ontario, Ceanada, toisc go bhfuil sí ann in aon chor agus toisc nach bhfuil aon chainteoirí Gaeilge ina gcónaí ann. Bailíonn daoine le chéile ann, idir fhoghlaimoírí agus chainteoirí líofa, chun aithne a chur ar a chéile nó chun seanchaidreamh a neartú, agus tá fáilte roimh chuirteoirí as gach cearn. Is maith an tseift í chun gréasáin a chothú, agus ba dheacair é a dhéanamh mura raibh lárionad buan ann.

I Meiriceá Thuaidh tá meáchan éigin ag baint le lucht na Gaeilge. A mhalaírt de scéal atá againn san Astráil. Bíonn deirí seachtaine Gaeilge ar siúl agus is mór an slua trí fichid duine ann, cé go léiríonn sin go bhfuil neart tagtha sa teanga seachas mar a bhí tríocha bliain ó shin. Ar éigean a bheadh lucht Gaeilge na hAstráile in ann airgead a ndóthain a chruinniú chun cúpla acra a cheannach. Ach maireann na gréasáin agus na grúpaí, agus tá rudaí ar siúl – scríbhneoireacht, taighde, díospóireacht.



Oireachtas Gaeilge Cheanada

Tá Oireachtas Gaeilge Cheanada (27-29 Meitheamh 2014) díreach thart anois, an fhéile Ghaeilge is mó i Meiriceá Thuaidh, agus taibh-ealaíona na Gaeltachta ar taispeáint ann: caint, drámaíocht, litríocht, amhránaíocht, rince agus ceol uirlisí. Bíonn sé ag comhrechtáil ag Cumann na Gaeltachta i gCeanada agus ag Oireachtas na Gaeilge in Éirinn, agus neartaíonn Glór na nGael leis. In Ontario atá sé ar siúl. Seo iad na comórtais:

* *Caint*: óráid, scéalaíocht, aithris filíochta, comhrá beirte.

* Tá dhá rannóg sa chomórtas *litríochta*, ceann do Cheanadaigh agus ceann do dhaoine ó áiteanna eile, agus na duaiseanna céanna le gnóthú: aiste, aistriúchán, ábhar teagaisc, dráma, eolaíocht, filíocht, gearrscéal agus úrscéal.

* *Amhránaíocht*: amhráin ar an sean-nós nó i stíl eile, amhráin nua-chumtha, cór Gaelach, lúibíní.

* *Ceol*: cláirseach, píob uilleann, banna céilí, banna feadóg (faoi aois dhá bhliain déag).

* *Rince*: rince ar an sean-nós, seiteanna.

Déanann an méid sin léiriú ar an mbaint a bhraitear a bheith idir an Ghaeilge i Meiriceá Thuaidh agus an Ghaeilge in Éirinn. Tá idéalú suimiúil ar siúl anseo, aisling a bhfuil mealladh inti ach atá ag brath ar ‘Ghaeltacht’ thall nach bhfuil ann a thuilleadh. (Bhí sí ann caoga bliain ó shin, b’fhéidir.) Ba dhóigh leat go bhfuil lasair fós san

Athbheochan mar a bhí sí timpeall na bliana 1900. Agus tá, ar ndóigh: níl an aisling áirithe úd gan fónamh go fóill, cé gur furasta an foirgníú cultúrtha a bhain riamh leis a aithint anois.



Lámhscríbhinní

I gColáiste na Tríonóide i mBaile Átha Cliath atá an *Codex Usserianus Primus*, an lámhscríbhinn Éireannach is sine. Breacadh ar veilleam é chomh luath leis an 5ú haois agus níl ann ach blúirí d’ochtó leathanach. Tá sé ainmnithe as an Ardeaspag Ussher, scoláire de chuid an 17ú haois. Tá sé le cóiriú i bhfoirm leabhair, obair atá á maoiniú ag tionscadal caomhnaithe ealaíne Merrill Lynch de chuid Bhanc Mheiriceá. Cuirfear ar taispeáint é le Leabhar Cheannanais, Leabhar Dharú agus Leabhar Ard Mhacha.

Tá trí lámhscríbhinn eile le cóiriú leis an maoiniú céanna. Tiomna bheag de chuid an 8ú haois is ea Leabhar Dhimma, agus é déanta ag an scríobhaí Dimma Mac Nathi, a chuir a ainm le gach soiscéal. Tá baint aige le Mainistir Chrónáin i Ros Cré i gContae Thiobraid Árann. Tá sé ildathach – dearg, buí, gorm agus dubh. Iarsma den Tiomna Nua de chuid an 9ú nó an deichiú haois is ea Ceithre Leabhair Bhinn Éadair (‘Garland of Howth’). A lán scríobhaithe a bhreac í, agus rinneadh í i mainistir Neasáin in Inis Mac Neasáin. Arís, tá sí ar lasadh le dathanna – flannbhuí, bán, buí agus gorm. Baineann Leabhar Mo Ling (féach thíos), tiomna bheag, le heaspag de chuid Fhearna, naomh a cailleadh sa bhliain 697 AD. Síltear gur triúr scríobhaithe a rinne é. Tá pictiúir de na scoiscéalaithe ann agus script dhathmhaisithe.

Tógfaidh sé timpeall dhá bhliain orthu an obair a dhéanamh. Déanfar scrúdú teicniúil ar na líocha agus ar an veilleam, agus déanfar cóiriú caomhnaitheach agus staidéar stairiúil agus ealaíne. Ansin cuirfear na lámhscríbhinní ar fáil go digiteach.



Mo Ling: naomh na bhfeart

Rugadh Mo Ling (nó Moling) sa bhliain 614 i Sliabh Luachra i gContae Ciarraí agus cailleadh é sa bhliain 696. Chaith sé tamall maith i nGleann Dá Loch. Ba é Easpag Fhearna é agus ab na mainistreach a bhunaigh sé i dTigh Moling, in aice leis an mBearú i gContae Cheatharlach. Rinneadh na Lochlannaigh slad air agus tógadh mainistir nua, a dódh arís sa bhliain 1138.



Fothrach na mainistreach meánaoisí i dTigh Moling [Wikipedia Commons](#)

Deirtear gur thóg Mo Ling muileann agus gur bhain sé clais a bhí míle slí ar fad chun uisce a thabhairt chuige. Tá an sruthán úd fós ann. Tá Tobar Moling sa cheantar, agus thagadh na sluaite ann ar 17 Bealtaine (lá féile an naoimh) agus ar 25 Iúil. Lá sosa ba ea 17 Bealtaine, ach deirtear go ndeachaigh teaghlach éigin amach ag obair an lá sin agus gur nocht an naomh os a gcionn. Thug duine acu na boinn as agus rinneadh cloch de in áit a dtugtar

Stocán na Droinne air. Rinneadh cloch den chuid eile freisin.

Tá leagan Meán-Ghaeilge de bheatha Mo Ling ar fáil. Thrascríobh Mícheál Ó Cléirigh é sna blianta 1628-29 ó *Leabhar Tighe Molling*, saothar atá cailte anois. Sa bhliain 1907 d'fhoilsigh Whitley Stokes an leagan sin le haistriúchán agus nótaí. Léiríonn sé nósanna an tseansaol agus iarsma an pháganachais: déantar tagairt don Eo Rosa, bile (crann mór naofa) a mbaineann Mo Ling leas as a chuid adhmaid. Agus tá baint ag an nGobán Saor, laoch béaloidis, leis an scéal.

Deir an scéal gurbh é Faolán Fionn mac Fhearadhaigh athair an naoimh agus gurbh í Éamhnaid, deirfiúr mhná céile Fhaoláin, a rug é. Nuair a thuig sí go raibh sí ag iompar thug sí a haghaidh ar a háit dhúchais, Sliabh Luachra.

Ó ráinig sí go dtí meán na Luachra ar an dóigh sin titeann an oíche uirthi ansin agus titeann sneachta an-mhór ann nó gur ráinig sé guailí fear. Trí iomarca fuachta ansin agus trí mhéid an tsneachta agus tríd an imeagla agus an uamhan a chuaigh uimpi, rug sí ina dhiaidh sin an ghin a bhí ina broinn .i. mac mínálainn.⁵

Ní raibh an naíonán gan chabhair. Tháinig 'timthreacht aingeal' agus leáigh an sneachta ina thimpeall; ach d'iompaigh Éamhnaid a droim lena mac, mar 'bhí sí ag smaoineamh ar conas a d'imreodh sí bás air, óir ba náir léi é a fheiceáil aici ós ise a rug é seachas a deirfiúr'.⁶ Ach tháinig colm idir í agus an naíonán, á chosaint. Le héirí na gréine tháinig manaigh ar an mbeirt agus thug dídean dóibh. Tugadh Taircheall ar an leanbh agus thóg an sagart naofa Collanach é, agus thug aingeal teagasc dó. Ansin chuir Taircheall chun bóthair, ach is gearr gur casadh an 'fuath' (gruagach) air.

Bhí sé ag canadh a urnaithe go bhfaca sé an torathar [*pearsa anchúinseach*] dodhealfa dochraí ar fiarlaoid na conaire os a chionn .i. fuath aingí gona muintir dhubh dhochraí dodhealfa .i. daoine i ndealbha arrachtaí.⁷

D'éalaigh sé ar a bhealach cliste féin: 'Lig sé ina dhiaidh sin a thrí chéim oilithreachta agus a thrí léim baoise'.⁸ Tugadh Mo Ling ('ling' = 'léim') air dá bharr.

Thug seanchrann arbh ainm dó 'an tEo Rosa' uaidh agus roinn Naomh Molaise ar naoimh na hÉireann é. Fuair Mo Ling cuid de chun 'dairtheach' (aireagal adhmaid) a dhéanamh, agus chuir sé fios ar an nGobán Saor.⁹ I gceann tamaill tháinig Ruaiseach Dhearg, bean an Ghobáin, chuige ag iarraidh bólachta, agus thug sé dhá bhó di. Ach ghoid Grác, 'mac mallachta,' ceann acu, agus bhí sé tar éis an bhó a bhruith nuair a tháinig muintir Mo Ling suas leis. Maraíodh é agus d'athbheoigh Mo Ling an bhó, ach níor thug sé ar ais do Ruaiseach í. Tháinig fearg uirthi agus chuaigh sí chun cainte leis an nGobán: 'Críochnaigh an dairtheach, ar sise, agus ná gabh luach eile ach lán an dairthe de ghrán seagail'.¹⁰ D'iompaigh an Gobán Saor an teach mar a bheadh soitheach ann, ach ní raibh a ndóthain arbhair acu lena líonadh; dúirt Mo Ling lena mhuintir cnónna, úlla agus luachair a thabhairt agus rinne sé arbhar díobh. Ach níorbh é sin deireadh an scéil: 'Rug Gobán a arbhar leis ina dhiaidh sin, agus is amhlaidh go bhfuair sé ina chruimheanna arnamhárach é'.¹¹ Níl sa mhéid sin ach cuid de na fearta a rinne Mo Ling.

Chríochnaíonn *Beatha* an naoimh mar seo:

Bhí Mo Ling ag fónamh don Choimhde ansin. Dhéanadh sé a fhearta agus a mhíorúiltí. Dhúisíodh sé na

⁵ *O ránic co medón na Lúachra siar fon innas sin tuitid an aidigh fuirri annsin occus snigidh snechta adbolmór and co ránic formna fer. Ro gabsat dano idhain isi tré immarcraidh úachta ocus tré mét an tsnechta ocus trésin oman ocus trésin imeccla dochúaidh impe, do-rucc-si iarsin an gein ro bóí ina broind .i. mac mínálainn minetroct. Stokes, lch 8.*

⁶ *Bái timthrecht aingel co hairm i rraibhi. Ro legheastair tra in snechta tricha traiged ar cech leth úadh tria thimthrecht na n-aingel. Ro impá-si immorro a druim frisan mac mbecc, ocus roléic comdílisi etarru 7 in snechta, 7 ro bóí ica túr aici cinnus ro immeradh bás fair, ar bá mebul lé a aicsin aici arna dhénamh darcend a sethar. Stokes, lch 9.*

⁷ *Anhail bóí-siumh ic cantain a ernaiighthi co faca an torathar ndodelbhda ndochraidh ar fiarláit na conaire for a cind .i. Fúath aingeda cona muintir duibh dochraidh doidelba .i. dáeine i ndelbaib arracht. Stokes, lch 14.*

⁸ *Lingis iarsin a trí cémend ailithre ocus a trí lémend báisi. Stokes, lch 16.*

⁹ Stokes, lch 26.

¹⁰ *Tarnaic an dairtech, ar sí, 7 na gabhsae lógh ele acht lán in dairtíge do grán secail. Stokes, lch 38.*

¹¹ *Rucc Gobbán a arbhar lais iarsin, ocus is amhlaidh frith, ina crumaibh iarnabhárach é. Stokes, lch 40.*

mairbh agus shlánaíodh daill agus lobhair agus baciaigh agus lucht gach aicíde. Chraobhscaoileadh sé briathar Dé do chách.¹²

Ainmníodh a lán áiteanna as. Ar Thigh Moling i gContae Cheatharlach is mó atá clú, agus tá Tigh Moling eile i gContae Chill Dara. Tá Muine Moling i gContae Loch Garman agus toibreacha éagsúla ansiúd is anseo.

Giniúint Mo Ling agus a Bheatha

Stokes, Whitley. *The Birth and Life of St. Moling*. 1907

<http://archive.org/stream/stmoling00stokuoft#page/6/mode/2up>

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au.

¹² Bói immorro Molling ic fognam don Coimide annsin. Donítis a fherta 7 a mírbaile. No tódhúscedh marba, nó slánaigedh dulla 7 clamhna 7 bacacha 7 lucht gacha tedhma. No pritchadh bréithir nDé do cách. Stokes, lch 56.

Gaeltachtaí neamhthraidisiúnta

I Mí Feabhra 2014 chuaigh 10,000 duine amach ag déanamh léirsiú i mBaile Átha Cliath. Rinne siad é seo tar éis gur fhógair an Comisínéir Teanga, Seán Ó Cuirreáin, go raibh sé ag éirí as a phost. Bhí Ó Cuirreáin míshásta toisc nach raibh mórán seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge.

Thug an léirsiú seo léargas ar a bhfuil de Ghaeilgeoirí ann.¹³ Tugann daonáireamh 2011 léargas eile ar an scéal: 55,564 duine a bheith ag labhairt Gaeilge gach lá, 103,132 duine eile á labhairt gach seachtain. Bheadh an chuid is mó acu ina gcónaí i mbailte móra nó i gcathracha. (Dúirt 66,238 duine sa Ghaeltacht go raibh Gaeilge acu.) I suirbhé a rinneadh sa bhliain 2007, dúirt 7.8% go raibh a gcuid Gaeilge líofa nó an-líofa: sin timpeall 357,000 duine. Is féidir leat a bheith réasúnta líofa fiú mura bhfuil an teanga á labhairt go rialta agat. Is dócha, mar sin, go bhfuil timpeall 300,000 Gaeilgeoir ann.

Tugann sé seo deis dóibh Gaeltachtaí uirbeacha a bhunú. Ní mór do na Gaeltachtaí sin a bheith buan agus daoine ann a bhfuil Gaeilge ó dhúchas acu. Tá an Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta sásta aitheantas a thabhairt do Ghaeltachtaí nua den saghas sin.

I dTuaisceart Éireann a bunaíodh an chéad Ghaeltacht uirbeach. Tá sí le fáil i mBéal Feirste Thiar. Tá scoileanna lán-Ghaeilge ann agus lárionad mór Gaeilge – an ‘Cultúrlann’. Tá gnólachtaí ann a úsáideann Gaeilge agus tá Raidió Fáilte, stáisiún lán-Ghaeilge, ann.

Tá ceantar eile in aice le Machaire Rátha i gContae Dhoire agus athbheochan bheag ar siúl ann. Tá naiscoil agus gaelscoil ann agus iarracht á déanamh an Ghaeilge a athbheochan ann.

Níl a leithéidí seo le fáil sa Phoblacht. Tá gréasáin láidre Ghaeilge ann, áfach, agus deirtear nach fada go mbeidh ‘mais chriticiúil’ ann. Tá méadú ag teacht ar an líon gcainteoirí dúchais a tógadh i mBaile Átha Cliath.

Tá Gaeltacht Bhuan Mheiriceá Thuaidh in Ontario, Ceanada. Níl aon duine ina chónaí go buan ann ach bailíonn Gaeilgeoirí le chéile ann. San Astráil níl ann ach gréasáin.

Mo Ling: naomh na bhfeart

Rugadh Mo Ling (nó Moling) sa bhliain 614 i gContae Ciarraí agus cailleadh é sa bhliain 696. Chaith sé tamall maith i nGleann Dá Loch. Bhunaigh sé mainistir i gContae Cheatharlach. Tá Tobar Moling sa cheantar, agus thagadh na sluaite ann ar 17 Bealtaine (lá féile an naoimh) agus ar 25 Iúil. Tá mórán míorúiltí luaite le¹⁴ Mo Ling.

Tá leagan Meán-Ghaeilge¹⁵ de bheatha Mo Ling ar fáil, cé go bhfuil an bunleabhar¹⁶ cailte anois. Deir sé gurbh é Faolán Fionn mac Fhearadhaigh athair an naoimh agus gurbh í Éamhnaid, deirfiúr mhná céile Fhaoláin, a rug é. Nuair a bhí a fhios ag Éamhnaid go raibh sí torrach chuaigh sí go dtí a háit dhúchais, Sliabh Luachra. Rug sí an leanbh istoiche nuair a bhí sneachta mór ann. Bhí sí chomh héadóchasach go raibh sí ag smaoineamh ar an leanbh a mharú, ach tháinig colm agus chosain an leanbh. Ar maidin thug manaigh dídean dóibh. Tugadh Taircheall ar an leanbh, agus fuair sé an t-ainm Mo Ling (‘ling’ = ‘léim’) nuair a thug sé roinnt léimeanna móra chun éalú ó roinnt arrachtaí.¹⁷

Thóg an Gobán Saor¹⁸ aireagal¹⁹ dó. Bhí bean chéile Ghobáin i bhfearg le Mo Ling. D’iarr sí bólacht²⁰ air agus thug sé dhá bhó di, ach goideadh agus maraíodh ceann acu. D’athbheoigh an naomh an bhó mharbh ach ní thabharfadh sé ar ais do bhean an Ghobáin í. Ina dhiaidh sin dúirt sí le Gobán lán an aireagail d’arbhar a éileamh mar iocaíocht. Ní raibh a ndóthain arbhair ag muintir Mo Ling, agus

¹³ A bhfuil de Ghaeilgeoirí – the number of Irish speakers

¹⁴ Luaite le – attributed to

¹⁵ Leagan Meán-Ghaeilge – Middle Irish version (i.e. in the equivalent of Chaucer’s English)

¹⁶ Bunleabhar – original book

¹⁷ Arrachtaí – monsters, spectres

¹⁸ An Gobán Saor – a legendary builder

¹⁹ Aireagal - oratory

²⁰ Bólacht – herd of cows

dúirt an naomh leo an t-aireagal a líonadh le hùlla agus cnónna agus luachair. Rinne an naomh arbhar díobh. Nuair a thug Gobán an t-arbhar sin leis ní raibh ann ach cruimheanna.²¹

Ainmníodh a lán áiteanna as Mo Ling. Tá Tigh Moling i gContae Cheatharlach agus tá Tigh Moling eile i gContae Chill Dara. Tá Muine Moling i gContae Loch Garman.

²¹ Cruimheanna - maggots